

Braitheann an todhchaí ort féin



An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

Buntreoir maidir le hardán digiteach ilteangach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa



Is é seo mol lárnach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. Anseo is féidir leat do chuid smaointe a roinnt le daoine eile, teacht ar imeachtaí, ábhar a léamh ó gach imeacht de chuid na Comhdhála agus dul chun cinn na Comhdhála a leanúint. Agus is féidir sin ar fad a dhéanamh i 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh.



Beidh tú in ann ceangal le daoine eile agus smaointe a fhorbairt in éineacht leo, sin agus do chuid tuairimí a nochtadh faoi thodhchaí na hEorpa. An t-ábhar uile a chuirfear ar fáil le linn na Comhdhála, is é sin ionchur ó na saoránaigh agus ábhar ó na himeachtaí áitiúla, ó phainéil na saoránach Eorpach agus ó Sheisiúin Iomlánacha na Comhdhála, déanfar é a thabhairt le chéile agus a roinnt leis an bpobal.



Tá struchtúr an ardáin bunaithe ar na príomhábhair faoina mbeifear ag cur agus ag cúiteamh (an t-athrú aeráide agus an comhshaol; an tsláinte; geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist; an tAontas Eorpach sa domhan mór; luachanna agus cearta, an smacht reachta, slándáil; an claochlú digiteach; an daonlathas Eorpach; an imirce; agus oideachas, cultúr, an óige agus spórt). Mar aon leis na hábhair sin beidh 'bosca oscailte' ann ina mbeidh tú in ann smaointe a chomhroinnt faoi shaincheistanna eile atá tábhachtach duit.

Cuir do thuairim chun tosaigh

<https://futureu.europa.eu>

Is féidir leat an méid seo a leanas a dhéanamh ar an ardán:

Do chuid smaointe féin a chomhroinnt, tacú le smaointe daoine eile nó nóta tráchta a fhágáil fúthu, i do rogha teanga.
Fágfaidh sé sin go mbeidh saoránaigh as gach cearn den Eoraip in ann díospóireacht a dhéanamh go díreach le chéile thar theorainneacha náisiúnta.

Rochtain a fháil ar léarscáil (a chuirfear ar fáil go digiteach, go fisiciúil nó ar an dá bhealach) **d'imeachtaí agus clárú le páirt a ghlacadh iontu.**



Eolas faoi do chuid imeachtaí féin a uaslódáil – is ceart cloí le príomhphrionsabail na Comhdhála agus na torthaí a chomhroinnt ar an ardán i ndiaidh na n-imeachtaí ionas go mbeidh níos mó daoine in ann páirt a ghlacadh sa phlé.

Ról an ardáin mar chuid den Chomhdháil

Is é is aidhm don ardán digiteach ilteangach ar líne an **rannpháirtíocht is mó is féidir a bhaint amach, plé fíor-Eorpach a chothú idir na saoránaigh agus cinnte a dhéanamh de go mbeidh an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa inrochtana trédhearcach.**

Tá sé ar fáil do **shaoránaigh** uile an Aontais, do **ghníomhaithe poiblí** (institiúidí an Aontais, parlaimintí, údaráis áitiúla etc.) agus don **tsochaí shibhialta eagraithe**, bíodh sin uile-Eorpach nó náisiúnta/áitiúil. **Ba mhian linn oiread daoine a bheith páirteach ann agus is féidir, agus oiread éagsúlachta agus is féidir a bheith sna daoine a bheith páirteach.** Déanfar príobháideachas na n-úsáideoirí agus rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint sonraí a urramú go hiomlán.

Cleachtadh ón mbun aníos atá á thiomáint ag na saoránaigh agus rochtain phoiblí ar thorthaí uile na n-imeachtaí, tá an dá rud sin á n-éascú ag an ardán. Cinnteoidh sé go n-éistfidh cinnteoirí in institiúidí an Aontais **leis an bplé a bheidh ar siúl ar fud an Aontais.**

Conas an t-ardán a rochtain

Is féidir le **gach duine** na smaointe agus na himeachtaí ar an ardán a léamh agus a bhrabhsáil, ach **is gá clárú chun smaointe nó imeachtaí a chur leis.** Is féidir le húsáideoirí clárú tríd an **gcóras “EU Login”** nó logáil isteach trí na meáin shóisialta.



Cuir do thuairim chun tosaigh trí logáil isteach ar ardán na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa inniu.

#TheFutureIsYours

<https://futureu.europa.eu>

Cuir do thuairim chun tosaigh



An Chomhdháil
ar Thodhchaí
na hEorpa